| Matamaitic | Meitheal Forbartha, Cruinniú #10 4 Meán Fómhair 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí, Rialachas** | Aontaíodh na miontuairiscí le léasú beag agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Áiríodh leis an nuashonrú<br>• forbhreathnú gairid ar na chéad chéimeanna eile le dréachtsonraíocht a chur chun cinn<br>• meabhrúchán faoin doiciméad paraiméadair agus a ról chun breithnithe a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a threorú<br>• amlíne don obair atá romhainn.<br><br>Bhí plé ann maidir leis an measúnú deiridh agus an próiseas chun cás a dhéanamh ar son rogha eile seachas an CMB aonair de 40%.<br>• Tugadh dearbhuithe go mbeadh dóthain ama ann le haghaidh plé a bhain leis an CMB.<br>• Tugadh soiléirithe ar an leibhéal mionsonraí a bhaineann leis an CMB a bheadh le feiceáil sa tsonraíocht |
| **Dréachtsnáithe 2:**<br>**Cruth agus spás a fhiosrú** | Pléadh Snáithe 2, agus áirítear ar na saincheisteanna le breithniú tuilleadh<br>• Ról na teicneolaíochta sa snáithe seo agus sa tsonraíocht i gcoitinne, ag tabhairt aird ar leith ar chothromas<br>• An méid ba cheart do scoláirí ag gach leibhéal dul i ngleic le cruthúnas sa snáithe seo<br>• Stádas an chiorcail aonaid sa chuid Triantánachta |
| **Snáithe 3**<br>**Samhaltú le Staitisticí agus CMB** | Pléadh Snáithe 3, Samhaltú le staitisticí, agus AAC féideartha, agus áirítear an méid seo a leanas leis na saincheisteanna atá le breithniú tuilleadh<br><br>• An chaoi a d'fhéadfaí an CMB a dhéanamh chun maolú a dhéanamh ar Intleacht Shaorga Ghiniúnach<br>• Oiriúnacht an ualaithe don mhéid a pléadh<br>• Coigeartuithe lena chinntiú gur féidir leis an tasc a bheith difriúil gach bliain agus nach n-éiríonn sé ina thasc céanna a dhéantar arís agus arís eile.<br>Rinneadh moltaí maidir le coigeartuithe ar na Torthaí Foghlama, cuirfear an obair ar aghaidh agus cuirfear i láthair í lena breithniú tuilleadh ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht<br>ghníomhach leis an gcruinniú. Iarradh ar chomhaltaí athbhreithniú a dhéanamh roimh an gcéad chruinniú eile ar dhoiciméid amhail an *Creat Príomhinniúlachtaí* agus an cháipéis *Paraiméadair* agus an *Cháipéis Eolais agus treoir* agus aird ar leith á tabhairt ar an gcuid 'léargais ó scoileanna'.<br>Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile.<br>**An Chéad Chruinniú Eile:** Dé Céadaoin an 24 Meán Fómhair |